

Forbairt Acmhainne: Próiseas Comhtháite

Is é an aidhm atá le Forbairt Acmhainne ag **leibhéal an phobail** ‘timpeallacht chumasacháin’ a chruthú, a bhfuil an sainmhíniú seo a leanas ag Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP, 2009:11) air ‘an córas leathan sóisialta a mbíonn daoine agus eagrais ag feidhmiú taobh istigh de [ina measc] na rialacha go léir, na dlíthe, na polasaithe, gaolta stádais agus na noirm shóisialta a dhéanann rialú ar chomhpáirteachas poiblí.’ Cuimsíonn seo ‘forbairt creatlach istitiúideach agus dlíthiúil, ag cruthú athruithe dlíthiúla agus rialála le cur ar chumas eagraíochtaí, institiúidí agus gníomhaireachtaí ar gach leibhéal agus i ngach earnáil a n-inniúlachtaí a fheabhsú’ (An Gréasán Uirbeach d’Forbairt Acmhainní (UCBN): Gan dáta).

Tagraíonn forbairt acmhainne ar leibhéal eagraíochta ‘do struchtúr inmheánach, do na polasaithe agus nósanna imeachta a dhearbhaíonn’ éifeachtúlacht eagraíochta’ (UNDP 2009:11) agus lena chois sin ‘mionsaothrú ar struchtúir bhainistíochta, ar phróisis agus nósanna imeachta, ní hamháin taobh istigh d’eagraíochtaí ach freisin bainistiú ar an ngaol idir eagraíochtaí agus earnálacha éagsúla (poiblí, príobháideacha, agus pobail)’ (UCBN: Gan dáta). Rinne McKinsey & Co. (2001), bunaithe ar an léirmheasúnú a rinne siad ar fhorbairt acmhainne i n-eagraíochtaí deonacha, scóip an tsainmhínithe seo a leathnú trí na seacht ngné seo thíos a chur leis:

- *Ardmhianta*: Misean, fíis agus spriocanna uileghabhálacha na heagraíochta, a chuireann in iúl agus a chuimsíonn le chéile na gnáthchuspóirí atá aici agus an treo imeachta atá fúithi.
- *Straitéis*: Sraith chomhleanúnach gníomhaíochtaí agus cláracha atá dírithe ar chuspóirí uileghabhálacha na heagraíochta a chomhlíonadh.
- *Scileanna Eagraíochtúla*: Iomlán chumas acmhainne na heagraíochta, a chuimsíonn a leithéidí seo (i measc nithe eile) tomhas feidhmiúcháin, pleanáil, bainistiú acmhainní agus forbairt caidreamh seachtrach.
- *Acmhainní Daonna*: Iomlán na gcumas acmhainní, taithí, ionchas agus tiomantas bhord na heagraíochta, an fhoireann bhainistíochta, baill foirne agus oibrithe deonacha.
- *Córais agus Infrastruchtúr*: Na córais a bhaineann le pleanáil, le cinnteoireacht, le bainistíocht eolais agus le riarachán chomh maith leis na sócmhainní fisiciúla agus teicneolaíochta a thugann tacaíocht don eagraíocht.
- *Struchtúr Eagraíochtúil*: Comhtheaghlaim na nithe seo – rialachas, dearadh eagraíochta, comhordú idirfheidhmeach agus sainchuntas poist dhaoine aonair a mhúnlaíonn struchtúr dlíthiúil agus bainistíochta na heagraíochta.
- *Cultúr*: An snáithe ceangail a chomhdhlúthaíonn an eagraíocht le chéile mar aon le comhthuisicintí ar luachanna agus ar chleachtais, nósmaireachtaí

iompair agus thar gach ní eile treoshuíomh na heagraíochta ar chúrsaí feidhmíochta.

Cuimsíonn forbairt acmhainne ag **leibhéal an duine aonair** an infheistíocht a dhéanaimid agus na gníomhaíochtaí a dtugaimid fúthu 'le daoine aonair a dhéanamh inniúil ar na tuscintí, na scileanna agus ar an tsli le theacht ar fhaisnéis, ar eolas agus ar thraenáil le cur ar a gcumas gníomhú go héifeachtach' (UCBN: Gan dáta).'

Tugtar faoi ndeara, áfach, 'go mbíonn tionchar ollmhór ag tosca eagraíochtúla agus timpeallachta ar bhealach isteach a thabhairt do dhaoine chuig na hacmhainní agus an taithí a mhúnlaíonn ábaltacht aonair rud a bhíonn faoi thionchar an méid inniúlachta a bhíonn forbartha i ngach duine aonair' (UNDP:11). Dá bhrí sin, ionas go mbeidh éifeacht ag an straitéis forbartha acmhainne, caithfidh sí bheith ina próiseas comhtháite a mbeidh bearta agus gníomhaíochtaí ag leibhéal an phobail, ag leibhéal na heagraíochta agus ag leibhéal an duine aonair ag baint léi.

Seosamh Mac Donnacha
Aibreán 2018